



Oifig an Taoisigh  
Office of the Taoiseach

10 Márta 2014

A Patricia agus a Reinhard,

Go raibh maith agaibh as ucht bhúr litir maidir le taithí bhúr gclann ar chóras sláinte na hÉireann. Tá m'óifig tar éis sonraí na litreach a phlé leis an Roinn Sláinte agus táim tar éis iarraidh ar Oifigí na Roinne sin teagmháil a dhéanamh libh gan mhoill.

Tá an fhearg, míshuaimhneas agus frustrachas a mhothaíonn sibh soiléir agus intuigthe. Tá an ceart agaibh go mba chóir go mbeadh ar chumas Phádraig cúram a fháil anseo ina thír féin, áit ina gcónaíonn a thuismitheoirí agus a chairde. Ach, mar a léiríonn bhur dtaithí, tá an córas sláinte atá againn anseo i láthair na huaire mí-shásúil; níl ar a cumas cóir leigheas a chur ar a othair uile nuair is mó gá leo é.

Sin an fáth go bhfuil an Rialtas dírithe ar an gcóras a athrú. Foilseofar an Páipéar Bán ar Árachas Sláinte Uilíoch go luath. Léireoidh sé go díreach conas a bhainfear amach ár bhfís d'Árachas Sláinte Uilíoch. Idir an dá linn, tá béim á chur ar athchóirithe a chuirfidh feabhas ar amanna feithimh, solúbthacht foirne cóireála agus caighdeán chúraim d'othair agus tá dul chun cinn déanta sna réimse seo ó tháinig an tAire Reilly chun oifig, in ainneoin srianta buiséadacha.

Cuirtear Clár Chóireála Athshlánú in oiriúint de riachtanais pearsanta an othar agus déantar an clár a dhréachtú ag an bhFoireann Athshlánaithe i gcaidreamh leis an othar agus a teaghlach. Faoi láthair tá trí leaba ar fáil san aonad NRH d'othair a bhfuil riachtanais chúraim fíor-chasta acu. Is minic a thógann coir leighis na othair seo níos faide ná mar is gnáth; is dá bhrí sin go bhfuil an t-am feithimh don seirbhís áirithe seo mar atá.

Tuigim go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta ar an meán am feithimh san Ospidéal Athshlánúcháin Náisiúnta (NRH) ó 2011. Leis sin, ceapadh ceathrar dochtúirí nua den NRH i 2013/2014.

I mí Bealtaine 2012, d'fhógair an tAire Reilly go gcuirfear €25m i dtreo soláthar Aonad Athshlánúcháin nua le 120 leaba. Ta sé i gceist go bhfeidhmeoidh an Aonad seo in áit roinnt shean bhardaí.



Oifig an Taoisigh  
Office of the Taoiseach

De thairbhe an Polasaí agus Straitéis Náisiúnta de soláthar Seirbhísí Néar-Athshlánú in Éirinn 2011-2015, bhunaigh an FSS an Clár Leigheas Cliniciúil Athshlánaithe. Clúdaíonn a raon feidhme gach páirt den chóras sláinte, ó féin-chúram go cúram príomhúil, tánaisteach agus treasach. Tá an Clár Leigheas Athshlánúcháin beagnach críochnaithe le Samhail Cúraim do sholáthar seirbhísí athshlánúcháin in Éirinn, a bheidh mar bhunchloch de sholáthar seirbhísí amach anseo.

Cinnte, tá go leor le déanamh againn fós leis an gcóras sláinte a fheabhsú go caighdeán dea-chleachtas idirnáisiúnta. Mar sin féin, in ainneoin srianta buiséid, tá infheistíochtaí spriocdhírthe á ndéanamh. Tá an Rialtas meáite ar sheirbhís sláinte nua a chruthú a bhfuil ábalta riachtanais sláinte muintir na hÉireann a sholáthar.

Tá súil agam go n-éireoidh go maith le cóireáil Phádraig agus guím gach rath air agus ar bhur dteaghlach.

Mise le meas,

Enda Kenny TD

Taoiseach